**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0281/2023**

3.10.2023

# TUARASCÁIL

maidir leis an Straitéis Eorpach maidir le Próitéin
(2023/2015(INI))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir: Emma Wiesner

PR_INI

**CLÁR**

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .......................................................................................................21

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................23

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........24

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**An Straitéis Eorpach maidir le Próitéin**
**(2023/2015(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Aibreán 2018 maidir le straitéis Eorpach chun barra próitéine a chur chun cinn – táirgeadh plandaí próitéine agus plandaí léagúmacha a spreagadh in earnáil talmhaíochta na hEorpa[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Márta 2022 maidir leis an ngá atá le plean gníomhaíochta práinneach de chuid an Aontais chun slándáil an tsoláthair bia a áirithiú laistigh den Aontas agus lasmuigh de i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[3],

– ag féachaint do thuarascáil 2022 ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) dar teideal *Thinking about the future of food safety and food allergies with regard to certain types of novel foods and protein sources* [Ag smaoineamh faoi thodhchaí na sábháilteachta bia agus ailléirgí bia maidir le cineálacha áirithe bianna núíosacha agus foinsí próitéine],

– ag féachaint do staidéar ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) ó mhí Iúil 2020 dar teideal *Future of EU livestock: how to contribute to a sustainable agricultural sector* [Todhchaí bheostoc an Aontais: conas is féidir rannchuidiú le hearnáil talmhaíochta inbhuanaithe?],

– ag féachaint do Dhearbhú Bhaile Átha Cliath 2022 maidir le ról sochaíoch an bheostoic,

– ag féachaint don eolas eolaíoch is déanaí, lena n-áirítear Dearbhú Bhaile Átha Cliath 2022 agus na foilseacháin ghaolmhara san iris eolaíochta Animal Frontiers,

– ag féachaint do thuarascáil FAO na Náisiún Aontaithe 2022 dar teideal *Thinking about the future of food safety – A foresight report* [Smaoineamh faoi thodhchaí na sábháilteachta bia — tuarascáil fadbhreathnaitheachta],

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Samhain 2022 dar teideal *Towards a Strong and Sustainable EU Algae Sector* [I dTreo Earnáil Algaí AE atá Láidir agus Inbhuanaithe];

---

[1] IO C 390, 18.11.2019, lch. 2.
[2] IO C 361, 20.9.2022, lch. 2.
[3] IO C 184, 5.5.2022, lch. 2.

– ag féachaint don Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus d'Ionchas Talmhaíochta 2021-2030 FAO,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún ó mhí na Nollag 2022 dar teideal *EU agricultural outlook – For markets, income and environment 2022 - 2032* [Ionchas talmhaíochta AE – Le haghaidh margaí, ioncaim agus an chomhshaoil 2022-2032],

– ag féachaint do thuarascáil FAO ó mhí an Mheithimh 2023 dar teideal *Contribution of terrestrial animal source food to healthy diets for improved nutrition and health outcomes – An evidence and policy overview on the state of knowledge and gaps* [Rannchuidiú bia ó fhoinse ainmhithe talún le haistí bia sláintiúla le haghaidh torthaí feabhsaithe maidir le cothú agus sláinte — fianaise agus forléargas beartais ar staid an eolais agus na mbearnaí],

– ag féachaint don tuarascáil ó FAO agus ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) ó 2019 dar teideal *Sustainable healthy diets – guiding principles* 'Aistí bia sláintiúla inbhuanaithe — treoirphrionsabail',

– ag féachaint do thuarascáil FAO 2021 dar teideal *Integration of environment and nutrition in life cycle assessment of food items: opportunities and challenges* [Comhtháthú an chomhshaoil agus an chothaithe i measúnú saolré earraí bia: deiseanna agus dúshláin],

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 22 Samhain 2018 maidir le forbairt próitéiní plandaí san Aontas Eorpach (COM(2018)0757),

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre an Choimisiúin an 4 Eanáir 2023 maidir le maidir le spreagthaí na slándála bia (SWD(2023)0004),

– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal 'Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc – le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol' (COM(2020)0381),

– ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')[4],

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

– ag féachaint d'Ionchais Daonra an Domhain na Náisiún Aontaithe 2022,

– ag féachaint d'Ionchas Talmhaíochta 2021-2030 ECFE agus FAO na Náisiún Aontaithe,

[4] IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

– ag féachaint do staidéar Phainéil na Roghanna Eolaíochta agus Teicneolaíochta dar teideal 'An bhfuil Próitéin agat?' Foinsí malartacha próitéine i gcothú inbhuanaithe ainmhithe agus daoine: Féidearthachtaí agus ionchais',

– ag féachaint do Dhearbhú Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iascach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0281/2023),

A. de bhrí go bhfuil próitéin riachtanach do dhaoine agus d'ainmhithe araon agus, dá bhrí sin, gur comhpháirt fhíor-riachtanach í i mbia agus i mbeatha a chaitear ar bhonn laethúil;

B. de bhrí go raibh éifeachtaí suntasacha ag paindéim COVID-19 agus ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar thrádáil Eorpach agus ar thrádáil dhomhanda, á chur i bhfios go láidir gur gá do AE a shlabhraí soláthair bia agus beatha a éagsúlú chun a neamhspleáchas oscailte a mhéadú agus a spleáchas ar ionchuir ó sholáthraí eachtrach amháin nó ó roinnt soláthraithe eachtracha a laghdú chun táirgeadh próitéine plandaí agus athléimneacht fhoriomlán earnáil próitéine AE a neartú;

C. de bhrí go dtáirgeann AE 77 % den phróitéin bheatha a úsáideann sé (ag ardú go 96 % i gcás beatha a bhfuil cion íseal próitéine inti, agus 89 % i gcás beatha a bhfuil cion meánach próitéine inti); de bhrí, áfach, nach dtagann ach 29 % den bhunábhar ardphróitéine atá ag teastáil chun beatha ainmhithe a chothromú ó AE; de bhrí, mar thoradh air sin, go bhfuil AE ag brath go mór ar allmhairí táirgí plandaí ardphróitéine ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, rud a fhágann go bhfuil AE ag brath ar allmhairí pónairí soighe agus mine ó na Stáit Aontaithe agus ó Mheiriceá Theas; de bhrí, go háirithe i Meiriceá Theas, gur minic a spreagann an spleáchas sin athrú thalamhúsáid agus méadú ar lorg uisce AE, mar aon le fadhbanna comhshaoil sna tíortha táirgthe, amhail éilliú screamhuisce, ganntanas uisce, caillteanas cothaitheach, creimeadh ithreach agus dífhoraoisiú, a mbíonn meath ar an mbithéagsúlacht mar thoradh air; de bhrí go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha sóisialta agus sláinte a bheith ag saothrú plandaí próitéine i dtíortha táirgíochta, ar iarmhairtí iad atá níos measa mar gheall ar chearta laga tionachta talún, grabáil talún, díbirt éigeantach agus sáruithe eile ar chearta an duine;

D. de bhrí, cé go bhfuil feabhas tagtha ar tháirgeadh barr ar mhórán próitéine in AE le 10 mbliana anuas, go bhfuil easnamh suntasach fós ann i dtáirgeadh intíre mar go bhfuil méadú tagtha ar tháirgeadh beostoic freisin, rud a dhaingníonn spleáchas trom AE ar allmhairiú barr ar mhórán próitéine ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad;

E. de bhrí go bhfuil ciorclaíocht mhéadaithe idir próitéiní plandabhunaithe agus próitéiní ainmhíbhunaithe, amhail úsáid sruthanna dramhaíola ó phróitéiní planda-bhunaithe le haghaidh bia mar bheatha chun próitéiní ó fhoinsí ainmhithe a tháirgeadh, mar aon le táirgeadh níos inbhuanaithe de gach cineál próitéine atá ar fáil, ríthábhachtach don aistriú i dtreo córais bhia níos inbhuanaithe a bhfuil tionchar laghdaithe acu ar an aeráid

agus ar an mbithéagsúlacht; de bhrí go bhfuil méadú ar shaothrú agus ar thomhaltas próitéiní planda-bhunaithe ina dtosca cumasúcháin san aistriú freisin; de bhrí gur féidir lorg comhshaoil táirgí ainmhithe a laghdú le breiseáin bheathaithe a chabhraíonn le hainmhithe próitéin a dhíleá agus a n-astaíochtaí meatáin agus amóinia a laghdú;

F. de bhrí go gcabhraíonn barra léagúmacha agus féarthailte le cáilíocht agus torthúlacht na hithreach a chothabháil agus a fheabhsú, leis an mbithéagsúlacht a mhéadú, le carbón agus nítrigin a shocrú agus le cur le coinneáil uisce; de bhrí gur féidir léagúim a fhás le níos lú leasachán ceimiceach mar gheall ar shiombóis le baictéir ithreach; de bhrí go rannchuidíonn fás barra léagúmacha, in ainneoin a bhrabúsachta eacnamaíche íseal, leis an athrú aeráide agus tionchair chomhshaoil eile a mhaolú chomh maith le brú fiailí a laghdú, agus aghaidh á tabhairt, dá bhrí sin, ar dhúshláin chomhshaoil agus aeráide i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais;

G. de bhrí go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag teicnící pórúcháin nua maidir le brabúsacht a fheabhsú agus maidir le spriocanna Chomhaontú Glas AE a bhaint amach, amhail trí tháirgeacht a ardú, trí ábhar agus cáilíocht próitéine a threisiú agus trí chur ar chumas AE oiriúnú réigiúnach na mbarr a fheabhsú agus iad a dhéanamh níos athléimní i leith an athraithe aeráide agus pataiginí;

H. de bhrí gur féidir tacú le saothrú barra próitéine agus féarthailte leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT);

I. de bhrí go ngineann próiseáil barr próitéine agus féarthailte fotháirgí is féidir a úsáid ar bhealach a thacaíonn leis an ngeilleagar ciorclach, amhail iad a úsáid mar bhia don duine, d’fhuinneamh in-athnuaite, do leasachán, do bheatha ainmhithe nó do tháirgeadh ceimiceán glas; de bhrí, mar sheachtháirge, go dtáirgeann beostoc leasachán luachmhar a thacaíonn le hathléimneacht AE i dtáirgeadh bia; de bhrí gurb iad leasacháin shintéiseacha den chuid is mó a sholáthraíonn an nítrigin is gá chun barra a fhás, ar leasacháin iad atá costasach agus atá dian ar fhuinneamh iad a tháirgeadh; de bhrí, mar chuid de chórais bhainistíochta aoiligh chomh maith le húsáid shábháilte sloda séarachais, go méadaíonn RENURE (nítrigin aisghafa ó aoileach), éifeachtúlacht acmhainní agus go gcumasaítear dul chun cinn i dtreo geilleagar níos ciorclaí;

J. de bhrí gur féidir le feirmeoireacht ainmhithe próitéiní atá an-bhith-infhaighte a ghiniúint do chothú an duine;

K. de bhrí go dtáirgeann táirgeadh barr de gach cineál barra talmhaíochta, lena n-áirítear barra próitéine, bithmhais atá do-ite den chuid is mó do dhaoine (gineann cileagram amháin de phróitéin phlanda-bhunaithe thart ar thrí go cúig chileagram bithmhaise atá inite ag athchogantaigh amháin);

L. de bhrí go gcuireann tomhaltas próitéiní ainmhithe a tháirgtear go háitiúil agus go hinbhuanaithe le slándáil bia AE agus go gcuireann sé le beogacht cheantair thuaithe na hEorpa; de bhrí go dtáirgtear próitéiní ainmhithe in AE faoi chuid de na caighdeáin inbhuanaitheachta is airde ar domhan ó thaobh leas ainmhithe, aeráide agus an chomhshaoil de, agus gur minic gur cuid thábhachtach iad d’aiste chothrom bia; de bhrí go bhfuil feirmeoireacht ainmhithe AE ag brath go mór ar allmhairí barraí a bhfuil cion ard próitéine iontu, ar barra iad nach mór a fhás ar thalamh arúil lasmuigh de AE;

M. de bhrí go rannchuidíonn feabhsú athléimneacht agus slándáil bia na hEorpa trí phróitéiní ainmhithe a tháirgtear in AE a thomhailt le táirgeadh níos inbhuanaithe ar fud an domhain;

N. de bhrí go gcuireann próitéiní a fhaightear ó ainmhithe próitéiní ardcháilíochta ar fáil agus gurb iad an fhoinse próitéine is bith-infhaighte do dhaoine iad, rud atá thar a bheith tábhachtach do mhná torthúla, do leanaí, do dhéagóirí, agus do dhaoine scothaosta nó do dhaoine laga;

O. de bhrí gur gníomhaíocht an-inbhuanaithe é táirgeadh fairsing beostoic, go háirithe i limistéir iargúlta agus shléibhtiúla, agus go gcabhraíonn sé lena áirithiú go bhfanfaidh daoine de bheith ina gcónaí sna limistéir sin;

P. de bhrí gur féidir le próitéin uisceach agus dobharshaothraithe inbhuanaithe rannchuidiú le slándáil dhomhanda bia, le cothú agus le haistí bia sláintiúla cothroma; de bhrí go bhféadfadh tionchair dhiúltacha éagsúla ar an gcomhshaol a bheith ag gabháil le dian-dobharshaothrú go minic, amhail na hiarmhairtí a bhaineann le ceimiceáin nó antaibheathaigh a úsáid; de bhrí gur féidir le halgaí deis a thabhairt chun tionchair dhiúltacha an dobharshaothraithe ar an gcomhshaol a laghdú;

Q. de bhrí go n-éilíonn próitéiní malartacha amhail fungais nó táirgí coipthe ionchuir ar mhórán carbaihiodráití; de bhrí go bhféadfadh an táirgeadh sin úsáid a bhaint as iarmhair agus sruthanna dramhaíola ó ghnáththáirgeadh bia, rud a chuirfeadh le geilleagar níos ciorclaí; de bhrí go gcuireann reachtaíocht dramhaíola AE ualach rialála trom ar tháirgeoirí a phróiseálann dramhaíl bia;

R. de bhrí go bhfuil acmhainneacht na próitéine atá bunaithe ar fheithidí do chothú an duine agus go háirithe do chothú ainmhithe ag dul i méid agus go bhféadfadh sé spleáchas AE ar allmhairí próitéine a laghdú; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh eolais faoi inbhuanaitheacht na feirmeoireachta feithidí agus gur cheart an fhaisnéis shoiléir a theastaíonn ó thomhaltóirí agus a bhfuil siad i dteideal a fháil a thabhairt dóibh faoi chomhábhair atá bunaithe ar fheithidí a bheith i dtáirgí deiridh éagsúla;

S. de bhrí go bhfuil an margadh do gach cineál próitéine a tháirgtear go hinbhuanaithe, go háirithe próitéin atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe, tar éis forbairt le blianta beaga anuas; de bhrí go gcruthaíonn táirgeadh na bpróitéiní sin go leor deiseanna d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí bia na hEorpa; de bhrí go bhfuil éileamh ard atá ag dul i méid, glacadh agus aibíocht theicneolaíoch cheana féin ag próitéiní planda-bhunaithe;

T. de bhrí go bhfuil tomhaltóirí ag iarraidh níos mó trédhearcachta agus faisnéise faoi inbhuanaitheacht bia; de bhrí nach bhfuil aon lipéid chaighdeánaithe dheonacha ná dearbhuithe táirgí ann chun inbhuanaitheacht chomhshaoil próitéiní a áirithiú lena gcaitheamh ag an duine nó le haghaidh beatha ainmhithe agus breiseán beatha ainmhithe;

U. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach cur chuige slabhra luacha a ghlacadh chun breisluach a chruthú do phróitéiní a tháirgtear go hinbhuanaithe, go háirithe próitéiní planda-bhunaithe, ós rud é go bhfeabhsaíonn táirgeadh táirgí ard-bhreisluacha a fhaightear go háitiúil an slabhra luacha agus go spreagann sé feirmeoirí infheistíocht a dhéanamh;

V. de bhrí gur gá feirmeoirí a áireamh sa taighde agus sa nuálaíocht i dtáirgeadh inbhuanaithe na bhfoinsí próitéine uile, agus gur cheart go méadófaí a bhfócas ar phróitéin atá bunaithe ar phlandaí agus ainmhithe ós rud é gur dhírigh taighde agus nuálaíocht phríobháideach agus phoiblí araon ar ghránaigh agus ar shíolta ola le blianta beaga anuas den chuid is mó;

W. de bhrí nach sroicheann oiliúint ghinearálta agus aistriú eolais ach thart ar 10 % de ghabháltais feirme AE; de bhrí go bhfuil géarghá le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in oiliúint agus i seirbhísí comhairleacha d'fheirmeoirí, chun fios gnó a scaipeadh maidir le barra próitéine, dea-chleachtais, athruithe iompraíochta, saothrú féarthailte agus eastóscadh próitéine ó fhoinsí malartacha;

***Gá soiléir le straitéis chuimsitheach próitéine de chuid an Aontais chun acmhainneacht próitéine a fheabhsú***

1. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach uaillmhianach próitéine de chuid an Aontais a thíolacadh go práinneach lena gcumhdófar táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe gach cineál próitéine san Aontas, go háirithe próitéin atá bunaithe ar phlandaí agus ainmhithe, agus lena dtabharfar isteach bearta éifeachtacha chun borradh a chur faoin neamhspleáchas oscailte próitéine Eorpach sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma; á chur i bhfios go láidir gur cheart tosaíocht a thabhairt do tháirgeadh barr próitéine agus próitéine plandabhunaithe;

2. á mheas gur cheart straitéis próitéine an Aontais a bheith bunaithe ar na nithe seo a leanas:

   1. Fís do tháirgeadh próitéine agus sreafaí trádála straitéiseacha agus inbhuanaithe AE a oireann dár riachtanais agus dár n-éilimh;

   2. Plean gníomhaíochta maidir le táirgeadh agus tomhaltas próitéine plandabhunaithe méadaithe san Aontas;

   3. Coinníollacha níos fearr do tháirgeadh níos inbhuanaithe próitéine atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe araon san Aontas;

   4. Córais inbhuanaithe próitéine a fhorbairt le haghaidh bia agus beatha;

   5. Cur chuige iomlánaíoch lena n-áirítear feirmeoirí mar aon leis an slabhra luacha bia ina iomláine, agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh á gcur san áireamh;

   6. Gníomhaíochtaí nithiúla beartais eolaíochtbhunaithe don fhorbairt, don nuálaíocht agus don taighde ar phróitéiní a tháirgtear go hinbhuanaithe;

***Fís chun táirgeadh próitéine an Aontais a mhéadú***

3. á chur i bhfios go láidir, ó thaobh na geopholaitíochta agus na straitéise de, agus chun slándáil bia a áirithiú, nach mór leibhéil athléimneachta na hEorpa a neartú go suntasach in earnálacha ríthábhachtacha amhail soláthar bia agus beatha trí laghdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar spleáchas ar tháirgí agus acmhainní talmhaíochta ó sholáthróir

amháin nó ó roinnt soláthróirí trí tháirgeadh intíre níos láidre, agus iomaíochas AE á spreagadh chun comhchruinniú na margaí i lámha cúpla príomhghníomhaithe a sheachaint; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá do AE dlús a chur le táirgeadh próitéine plandaí agus nach féidir é sin a dhéanamh ach i gcéimeanna ionas go mbeidh feirmeoirí agus margaí in ann oiriúnú dá réir;

4. á thabhairt chun suntais nach mór táirgeadh inbhuanaithe, éagsúlaithe agus intíre próitéine a aithint mar ghné ríthábhachtach de chóras bia agus beatha AE chun infhaighteacht leordhóthanach bia agus beatha atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a áirithiú agus chun slabhraí soláthair bia agus sreafaí trádála atá feidhmiúil agus athléimneach a choinneáil; ag cur béim ar an sprioc maidir le soláthar próitéine níos inbhuanaithe agus níos éagsúlaithe a bhaint amach i gcóras bia AE;

5. á mheas go bhféadfadh tairbhí suntasacha a bheith ag fás plandaí próitéine agus féarthailte do cháilíocht na hithreach, don aeráid agus don bhithéagsúlacht, agus faoi choinníollacha áirithe go bhféadfadh sé ionchuir amhail leasacháin agus táirgí cosanta plandaí a laghdú; á chur i bhfios go gcomhlíonann feirmeoireacht mhór ainmhithe atá bunaithe ar fhéarthalamh freisin riachtanais chothaithe nádúrtha ainmhithe agus gur féidir éifeachtaí dearfacha a bheith aici ar an gcomhshaol agus i gcoinne an athraithe aeráide, agus í ag rannchuidiú le geilleagar ciorclach ag an am céanna; ag cur béim ar a thábhachtaí atá gránaigh agus féarthalamh, go háirithe féaraigh féir agus seimre, mar fhoinse bheatha do bheostoc agus á chreidiúint gur cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar éiciscéimeanna a thabhairt isteach le haghaidh léagúm agus féarthailte agus cistí tiomnaithe do phlandaí próitéine a chruthú, mar atá ag roinnt Ballstát; á chur i bhfáth gur gníomhaíocht inbhuanaithe é táirgeadh fairsing beostoic, go háirithe i gceantair iargúlta agus shléibhtiúla, agus go gcuireann sé dreasachtaí breise ar fáil do phobail áitiúla chun cónaí sna limistéir sin;

6. á chur i bhfios gur cheart don straitéis próitéine tacú leis an aistriú comhshaoil trí fhoinsí inbhuanaithe próitéine a fhorbairt agus rannchuidiú le neamhspleáchas oscailte próitéine na hEorpa agus le hathléimneacht fheirmeoirí agus cheantair thuaithe an Aontais araon; ag aithint an ról atá ag foinsí próitéine sa gheilleagar ciorclach agus á mheas gur féidir le forbairt an gheilleagair chiorclaigh agus táirgeadh gach cineál próitéine atá ar fáil a áirithiú, go háirithe próitéiní atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe, rannchuidiú le hardleibhéil sláinte an duine a choinneáil agus an t-aistriú chuig córais bhia atá fíorinbhuanaithe a chumasú; á mheabhrú a thábhachtaí atá an chiorclaíocht idir feirmeoireacht beostoic agus saothrú barr inbhuanaithe;

7. á mheas gur bealaí éifeachtacha iad táirgeadh inbhuanaithe próitéiní plandaí a fhorbairt san Aontas, chomh maith le táirgeadh beostoic a dhéanamh níos inbhuanaithe trí bhearta amhail ciorclaíocht na slabhraí luacha bia agus beatha a mhéadú, chun aghaidh a thabhairt ar go leor de na dúshláin chomhshaoil, shochaíocha agus aeráide atá os comhair an Aontais, chomh maith le dífhoraoisiú, athlonnú táirgeachta agus ró-iascaireacht lasmuigh den Aontas a chosc; á chreidiúint go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag feirmeoirí maidir le córas próitéine athléimneach a thógáil má thacaítear go cuí leis agus á aithint go n-éilíonn táirgeadh próitéine cur chuige iomlánaíoch maidir le córais bhia inbhuanaithe agus athléimneacha;

8. á thabhairt chun suntais, uaireanta, gur le dífhoraoisiú, le hathrú neamh-inbhuanaithe ar thalamhúsáid agus le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol amhail creimeadh ithreach agus éilliú screamhuisce a cheanglaítear an táirgeadh a athlonnú lasmuigh den Aontas agus mairteoil nó barra próitéine amhail pónairí soighe a allmhairiú, toisc go bhféadadh sé go mbeadh ar tháirgeoirí neamh-AE cloí le caighdeáin inbhuanaitheachta, rialála agus eiticiúla níos ísle ná mar a bheadh ag táirgeoirí san Aontas; á mheas gur cheart go gcomhlíonfadh táirgí allmhairithe caighdeáin inbhuanaitheachta inchomparáide chun tuilleadh iomaíochais sholáthar do tháirgeoirí AE agus chun cosc a chur le hathlonnú tháirgeacht AE thar lear;

9. ag tarraingt aird ar an éileamh domhanda síormhéadaitheach ar phróitéiní, lena n-áirítear próitéiní de bhunadh ainmhíoch;

10. á mheabhrú gealltanais AE maidir le SDGanna na Náisiún Aontaithe agus an rannchuidiú suntasach a dhéanann talmhaíocht agus dobharshaothrú an Aontais le próitéiní inbhuanaithe a sholáthar, agus aird á tabhairt ar an méid a rannchuidíonn táirgeadh próitéine AE leis na SDGanna;

11. á mheas gur príomhchuspóir é neamhthuilleamaíocht bia AE a mhéadú lena n-éilítear cothrom iomaíochta agus tacaíocht láidir don earnáil talmhaíochta Eorpach;

***Coinníollacha níos fearr le haghaidh táirgeadh próitéine san Aontas***

12. ag cur béim ar an bhfíoras go dtosaíonn táirgeadh próitéine le feirmeoirí, le tacaíocht ó iascairí agus ó fheirmeoirí dobharshaothraithe, mar sin ní mór dóibh, dá bhrí sin, a bheith i gcroílár na straitéise, ós rud é go bhfuil siad ríthábhachtach chun córas próitéine athléimneach a thógáil; á chur i bhfáth go bhfuil earnáil bhrabúsach talmhaíochta, bia agus beatha ina réamhriachtanas d’earnáil láidir próitéine san Aontas; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, deiseanna a fhiosrú chun samhail ghnó bhrabúsach a chumasú d’fheirmeoirí chun cabhrú leo a mbarra a thiontú go táirgí tarraingteacha bia agus beatha trí athléimneacht barr, táirgeacht próitéine agus cáilíocht próitéine a mhéadú;

13. á chur i bhfios go láidir, de réir chlár comhardaithe próitéine beatha AE, gur féidir le gach cineál próitéine plandabhunaithe cur le táirgeadh méadaithe próitéiní san Aontas: próitéiní ina bhfuil cion próitéine níos lú ná 15 % (beatha, gránaigh), próitéiní ina bhfuil cion meánach próitéine 15-30 % (beathaí tirime, bran cruithneachta), próitéiní ina bhfuil cion ard próitéine 30-50 % (min olashíl), próitéiní a bhfuil cion próitéine an-ard os cionn 50 % iontu (seachtháirgí thionscal an stáirse, próitéiní prátaí, próitéiní ainmhíocha próiseáilte, próitéiní feithidí); á chur i bhfios go láidir freisin gur féidir le taighde ar phróitéiní ainmhithe cur le méadú ar an táirgeadh sin;

14. á chur i bhfáth nach mór do thalmhaíocht agus do ghnólachtaí na hEorpa éirí níos iomaíche i réimse na bpróitéiní le haghaidh bia agus beatha agus go bhfuil earnáil na talmhaíochta ag brath ar ionchuir inbhuanaithe agus inacmhainne amhail fuinneamh, beatha, breiseáin bheatha, ábhar maith plandaí, leasacháin agus ithreacha ar ardchaighdeán; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, chun iomaíochas tháirgeoirí próitéine na hEorpa a mhéadú, nach mór dreasachtaí a mhéadú agus nach mór ualaí rialála nach bhfuil gá leo ar tháirgeadh próitéine a mhaolú;

15. ag aithint a thábhachtaí atá breiseáin bheatha maidir le hastaíochtaí a laghdú, maidir le díleá próitéine a fheabhsú agus maidir le straitéisí beathaithe cearta agus athfhoirmliú beatha a áirithiú; á chur i bhfáth nach mór an tréimhse údaraithe do bhreiseáin bheatha a ghiorrú agus níos mó solúbthachta a cheadú; á chur i bhfios go láidir nach mór próiseas athnuachana na n-údaruithe a chruthú ar bhealach nach bhfuil riosca ann go gcuirfí deireadh le húsáid breiseáin éifeachtacha de réir a chéile;

16. á mheabhrú go mbeidh sé dodhéanta táirgeadh próitéine planda-bhunaithe a mhéadú gan ábhair phlandaí ar ardchaighdeán; á mheabhrú go gcuirfidh teicnící nua pórúcháin deiseanna iontacha ar fáil chun plandaí agus speicis atá oiriúnaithe go réigiúnach a fhorbairt a bheidh barrfheabhsaithe do dhálaí Eorpacha; á mheas go bhfuil gá le tuilleadh taighde agus forbartha ar ghránaigh, ar phlandaí próitéine agus ar fhéar chun a luach cothaitheach, a n-oiriúnú áitiúil agus a bhfrithsheasmhacht in aghaidh bagairtí nádúrtha a mhéadú;

17. á iarraidh go nglacfaí go pras creat a bheidh saincheaptha do theicnící pórúcháin nua chun go bhféadfar cineálacha plandaí nua agus láidre a fhorbairt níos tapúla, lena n-áirítear barra próitéine;

18. á mheas go bhfuil ról ríthábhachtach ag rialú lotnaidí agus pataigine i mbuaint barr próitéine rathúil, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach faireachán agus taighde eolaíoch a dhéanamh ar tharlú, ar fhorbairt agus ar leathadh na lotnaidí agus na bpataiginí sin; á aithint go bhfuil sé tábhachtach bearta éifeachtúla a fhorbairt chun an damáiste eacnamaíoch a dhéanann na lotnaidí agus na pataiginí sin a laghdú agus bearta malartacha a fhorbairt ó thaobh nuálaíochtaí teicniúla amhail feirmeoireacht bheacht nó róbataic, feithidí tairbhiúla nó lotnaidicídí ísealghuaiseacha chun borradh a chur faoi tháirgeadh iomlán próitéine san Eoraip;

19. á chreidiúint go gcuireann toirchiú féaraigh le haoileach le neamhthuilleamaíocht feirmeoirí ó thaobh próitéiní de; á mheas go bhfuil féar toirchithe i gceart fós ar an bhfoinse próitéine is saoire, is éifeachtúla agus is inbhuanaithe d’athchogantaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus na measúnuithe comhshaoil a rinneadh á gcur san áireamh, bearta beartais meántéarmacha agus fadtéarmacha a mholadh gan mhoill chun lúb na gcothaitheach a dhúnadh, amhail úsáid táirgí orgánacha malartacha amhail nítrigin aisghafa ó dhíleáiteán, ó bhithdhramhaíl, ó tháirgí aoiligh eile (RENURE) agus ó dhramhaíl bhia-thionscail, trína n-aicmiú mar tháirgí ionaid do leasacháin cheimiceacha bunaithe ar chritéir eolaíocha, mar dheis d’fheirmeoirí a spleáchas ar leasacháin cheimiceacha a laghdú agus ciorclaíocht ar an bhfeirm agus táirgeadh beostoic inbhuanaithe a mhéadú trí iarmhair amhail aoileach a aisghabháil agus a athúsáid;

20. á mheabhrú go bhfuil táirgeadh bithmheatáin, bithgháis, bithbhreoslaí nó ceimiceán bithbhunaithe eile a úsáideann sruthanna bithdhramhaíola ar cheann de na tosca a chuireann le táirgeadh níos inbhuanaithe agus gur foinse shuntasach ioncaim é lena bhfeabhsaítear luach na mbarr atá ar mhórán próitéine agus lena neartaítear an cás gnó d’fheirmeoirí chun iad a ghlacadh, agus roghanna malartacha inbhuanaithe ar bhreoslaí iontaise á gcur ar fáil ag an am céanna agus lena gcuirtear le laghdú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT); á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh fotháirgí a bheith á n-úsáid ar níos mó bealaí le haghaidh bithfhuinnimh mar thoradh ar fhás i

dtáirgeadh próitéine plandaí le haghaidh bia agus beatha agus, dá bhrí sin, luach eacnamaíoch níos airde ó tháirgeadh barr próitéine a bheith ann; á mheas, i ndáil leis sin, nach mór comhsheasmhacht idir beartais éagsúla AE a áirithiú;

21. á aithint gur minic a bhíonn nasc idir táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar leibhéal na feirme agus táirgeadh próitéine agus gur cheart é a éascú tuilleadh, agus, dá bhrí sin, gur féidir le méadú ar tháirgeadh próitéine cabhrú leis an Aontas feabhas a chur ar tháirgeadh táirgí bithfhuinnimh;

22. á aithint gur minic a éilítear cleachtais nua bainistithe agus comhar idir feirmeoirí chun barra atá ar mhórán próitéine a fhorbairt, a shaothrú agus a úsáid agus measann sí gur cheart anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-aithneofaí struchtúir nua eagraíochtúla laistigh de CBT;

23. á chur i bhfáth, chun borradh a chur faoi infheistíochtaí in ithreacha níos sláintiúla agus i gcleachtais nua maidir le huainíocht na mbarr, nach mór meastóireacht ar na seirbhísí a sholáthraítear don tsochaí a bheith ag gabháil le spriocanna fadtéarmacha;

***Geilleagar ciorclach cuí feidhmiúil a áirithiú trí aitheantas a thabhairt don ról comhlántach atá ag próitéiní plandaíbhunaithe agus próitéiní ainmhithe araon sa chóras***

24. á thabhairt chun suntais an acmhainneacht shuntasach agus an breisluach a bhaineann le próitéiní atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe a tháirgtear go hinbhuanaithe agus go rachaidh forbairt inbhuanaithe na hearnála chun tairbhe d'fheirmeoirí na hEorpa, do cháilíocht na hithreach, do thimthriallta cothaitheach, don bhithéagsúlacht, don aeráid, don gheilleagar ciorclach agus do shláinte an duine agus go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do shlándáil bia na hEorpa;

25. á chur i bhfios go láidir nach mór do bheartais cothrom iomaíochta a chruthú idir na geallsealbhóirí agus na táirgí uile agus nach mór tomhaltas próitéine a bheith níos inbhuanaithe; ag tacú le bearta beartais a chuireann ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht táirgí, mar a léirítear sa chreat reachtach atá ar na bacáin le haghaidh córas bia inbhuanaithe;

26. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gairbhseach, amhail féarthailte nó seamair féir, go háirithe in éineacht le táirgeadh beostoic, mar fhoinse próitéine agus na comhthairbhí dearfacha a bhíonn ag féarthailte ar an mbithéagsúlacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit úsáid a bhaint as uirlisí CBT, amhail éiciscéimeanna, chun na foinsí próitéine sin faoi na scéimeanna sin a dhreasú; á chur i bhfios go láidir gur bealach éifeachtúil í feirmeoireacht na n-athchogantach chun féarthailte buana a thiontú ina bia atá ar fáil lena chaitheamh ag an duine; á thabhairt chun suntais a ábhartha atá tionscadail a eastóscann próitéin ardcháilíochta le haghaidh bia agus beatha ó fhéarthalamh trí bhithscagadh, agus ag an am céanna atá in ann táirgí bithfhuinnimh a tháirgeadh mar fhotháirge; á mheas gur gá níos mó maoinithe a dhíriú ar thaighde ar bhithscagadh agus ar a chur in úsáid tráchtála;

27. á mheabhrú go gcuireann táirgeadh próitéiní ainmhithe atá bunaithe ar acmhainní do-ite a úsáidtear mar bheatha amhail foráiste agus seachtháirgí ó phróiseáil plandaí próitéine

go mór le ciorclaíocht maidir le dramhaíl bia a íoslaghdú agus go dtugann sé breisluach suntasach do tháirgeadh plandaí próitéine agus go bhfuil sé ríthábhachtach freisin chun ceantair thuaithe dhinimiciúla, bainistiú tírdhreacha agus caomhnú an chomhshaoil a áirithiú;

28. ag spreagadh táirgeadh pónairí soighe san Aontas Eorpach mar fhoinse próitéine plandabhunaithe trí infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt a dhreasú chun cáilíocht agus táirgeacht na mbarr a fheabhsú; ag tarraingt aird ar an ngá atá le rochtain ar chistiú a áirithiú agus ar an ngá atá le tacaíocht bhreise do tháirgeoirí talmhaíochta, lena n-áirítear táirgeoirí beaga, chun dlús a chur le táirgeadh pónairí soighe in AE; á mheas gur gá dea-chleachtais talmhaíochta a shainaithint agus a chur chun cinn maidir le saothrú pónairí soighe in AE, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí inbhuanaithe táirgthe agus comhlíonadh rialacha maidir le cosaint an chomhshaoil; ag tarraingt aird ar an ngá atá le spleáchas ar shoighe i mbeatha ainmhithe ó thíortha nach den Aontas Eorpach iad a laghdú;

29. á chur i bhfáth gur cheart go ndíreodh cláir thaighde ar bharra próitéine plandaí atá oiriúnach d’aeráid na hEorpa agus do dhálaí fáis na hEorpa agus ar féidir iad a chomhtháthú sna córais feirmeoireachta atá ann cheana; á chreidiúint go bhfuil sé tábhachtach tacú le feirmeoirí san aistriú sin, bacainní iontrála an mhargaidh sin a bhaint agus cabhrú le feirmeoirí tairbhe a bhaint as na slabhraí luacha nua sin;

30. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh taighde agus forbartha ar chineálacha barr a sholáthraíonn foinsí breise próitéine le timthriallta táirgeachta gairide atá oiriúnach d’idirchuraíocht laistigh d’uainíocht barr atá ann cheana;

31. ag spreagadh na mBallstát gach dreasacht CBT atá ar fáil a úsáid chun barra léagúmacha a mhéadú, lena n-áirítear tacaíocht chúpláilte, bearta agra-chomhshaoil, seirbhísí comhairleacha agus cláir earnála nua; á mheas, ina theannta sin, go bhféadfadh feachtais chur chun cinn chun borradh a chur faoin éileamh ar léagúim do bhia dul i bhfad i dtreo táirgeadh AE a spreagadh;

32. ag aithint an acmhainneacht láidir atá ag cnáib mar bharra próitéine inbhuanaithe agus á chur i bhfios go láidir gur gá a rialáil a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais chun a saothrú agus a próiseáil isteach i mbia agus i mbeatha a éascú;

33. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé caighdeáin inbhuanaitheachta a fheidhmiú maidir le táirgí allmhairithe, iomaíochas tháirgeoirí Eorpacha a chosaint agus faisnéis thrédhearcach a áirithiú do thomhaltóirí;

34. á aithint gur coscán suntasach fós é comhaontú Blair House 1992 maidir le barra olashíl a fhorbairt in AE agus á mheas, dá bhrí sin, gur gá féachaint an bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú sin;

35. á chur i bhfáth go gcuireann earnáil iascaigh na hEorpa foinse thábhachtach próitéine ardcháilíochta inbhuanaithe ar fáil lena húsáid ag an duine i bhfoirm iasc úr, agus nach mór inmharthanacht earnáil an iascaigh a choinneáil;

36. ag cur sonrú i ról na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe inbhuanaithe maidir le slándáil bia a áirithiú agus aistí bia atá bunaithe ar phróitéin shláintiúil ardcháilíochta;

á chur i bhfáth gur féidir ról tábhachtach a bheith ag táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe inbhuanaithe maidir le córas bia inbhuanaithe a thógáil; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-aithneofar sa straitéis Eorpach próitéine atá ar na bacáin ról na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe agus an gá atá le leanúint den aistriú i dtreo earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe níos inbhuanaithe, lena n-áirítear leas ainmhithe níos mó san earnáil dobharshaothraithe, a bhféadfadh níos lú galar, úsáid níos lú antaibheathach agus éiceachórais níos sláintiúla a bheith mar thoradh uirthi, agus na hardchaighdeáin inbhuanaitheachta in AE á n-aithint ag an am céanna; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh an earnáil rannpháirteach i bhforbairt a straitéise próitéine;

37. á thabhairt chun suntais gur glanallmhaireoir táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe é AE, ós rud é go ndéantar beagnach 60 % den tomhaltas iomlán in AE a allmhairiú; á mheas, dá bhrí sin, gur gá inmharthanacht eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht fhoriomlán earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa a neartú, agus na trí ghné (eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta) á gcur san áireamh chun spleáchas méadaitheach AE ar allmhairí a laghdú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá earnálacha iascaigh agus an dobharshaothraithe inbhuanaithe do sholáthar próitéine AE agus, go háirithe, don ról tábhachtach atá ag iascairí ceirde agus ar mionscála chomh maith le bailitheoirí sliogéisc, in AE agus in áiteanna eile araon;

38. ag cur béim ar an bhfíoras gur cuid riachtanach d’aiste bia shláintiúil é tomhaltas rialta táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus, a bhuí lena airíonna croíshláintiúla, go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag tomhaltas éisc aghaidh a thabhairt ar ghalair a bhaineann le haiste bia amhail galar cardashoithíoch; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, dá bhrí sin, an meath atá tagtha ar thomhaltas éisc in AE; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a mhéadú, go háirithe ó tháirgeoirí áitiúla, ina mbeartais agus cláir chothaitheacha, agus an chomhairle ó EDS maidir le tomhaltas bia uiscigh á cur san áireamh, go háirithe trína dtomhaltas a chur chun cinn i measc grúpaí sonracha, amhail daoine óga, agus fiú trína dtomhaltas a thabhairt isteach nó a fheabhsú i scoileanna agus i gcláir atá dírithe ar dhul i ngleic le heasnaimh shonracha chothaitheacha; á mheabhrú, thairis sin, go gceadaítear do na Ballstáit le Treoir 2006/112/CE[5] rátaí laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm ar sholáthairtí earraí bia agus seirbhísí gaolmhara, agus á iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht sin i ndáil le táirgí éisc, i bhfianaise na dtairbhí a bhaineann le tomhaltas éisc;

39. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur táirgeoir próitéine tábhachtach é an dobharshaothrú inbhuanaithe agus go bhféadfaí astaíochtaí ó bheostoc a laghdú go páirteach trí algaí a úsáid mar bhia nó mar bhreiseán beatha chomh maith le bheith ina foinse mhaith próitéine le haghaidh beatha; á chur i bhfios gur féidir le halgaí agus miocralgaí a bheith ina bhfoinse chomhlántach thábhachtach próitéine mar chuid de chóras táirgthe bia atá inbhuanaithe agus á iarraidh ar an gCoimisiún é sin a áireamh sa straitéis Eorpach maidir le próitéin; á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht ag an nuálaíocht agus ag gnólachtaí nua maidir le beathaí éisc nua a chruthú a bhfuil lorg carbóin níos ísle acu agus an tionchar is lú is féidir ar an mbithéagsúlacht agus gur gá

[5] Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha. IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

truailliú uisce ón dobharshaothrú a laghdú tuilleadh; á chur i bhfáth, le tuilleadh forbartha agus nuálaíochta inbhuanaithe i réimse an táirgthe próitéine plandaí agus foinsí comhlántacha próitéine, gur bealach é chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar go leor de na dúshláin chomhshaoil agus aeráide atá os comhair earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe AE;

40. á chur i bhfáth gur féidir le dobharshaothrú agus muirshaothrú AE rannchuidiú i bhfad níos mó ná mar a dhéanann siad faoi láthair le táirgeadh inbhuanaithe bia, agus próitéin níos sláintiúla, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chur ar fáil nach bhfuil chomh spleách céanna ar bheatha iascbhunaithe agus nach n-úsáideann beatha a dhíorthaítear ó tháirgeadh mine éisc agus ola éisc lena mbaintear úsáid as gabhálacha ó iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN); á thabhairt chun suntais gur gá leas ainmhithe uisceacha a fheabhsú mar go gciallaíonn leas níos airde níos lú galar, úsáid níos lú a bhaint as antaibheathaigh agus éiceachórais níos sláintiúla; á chur in iúl gur geal léi na treoirlínte straitéiseacha do dhobharshaothrú níos inbhuanaithe agus níos iomaíche AE don tréimhse 2021 go 2030 agus á chur i bhfios gur gá faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-athchóirithe a leagtar amach sna pleananna straitéiseacha ilbhliantúla chun dobharshaothrú a fhorbairt agus cur chun feidhme na n-athchóirithe sin a chur chun cinn, chun borradh a chur faoin táirgeadh inbhuanaithe; ag athdhearbhú a héileamh i ndáil le creat dlíthiúil láidir, iontaofa, intuartha, cuíchóirithe agus fabhrach don ghnó a chur ar fáil lena dtacaítear le forbairt an dobharshaothraithe inbhuanaithe;

41. á chur i bhfáth go bhféadfaí feithidí, ar choinníoll go gcomhlíonann siad ardchaighdeáin sábháilteachta, a mheas mar fhoinse mhalartach chiorclach úsáideach próitéine, go háirithe maidir le cothú orgánach agus gnáthchóthú ainmhithe, lena rannchuidítear le heasnamh próitéine AE a laghdú agus ciorclaíocht na talmhaíochta a mhéadú; á aithint go gcuireann ualaí rialála míchuí bac ar thalmhaíocht chiorclach agus inbhuanaithe a fhorbairt, amhail an toirmeasc ar dhramhaíl in-bhithmhillte a úsáid mar bheatha d’fheithidí nó do choipeadh próitéine; á thabhairt chun suntais go bhfuil spéis sa táirgeadh sin ag dul i méid agus, a luaithe a bheidh barainneachtaí scála bainte amach, go laghdófar na costais táirgthe; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na ceanglais arda fuinnimh a bhaineann le pórú feithidí ar mhórscála agus á chur i bhfáth gur gá anailís a dhéanamh ar éifeachtaí comhshaoil, sláinte, leasa ainmhithe, sóisialta agus eacnamaíocha;

42. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart údaruithe a dhéantar tríd an reachtaíocht maidir le bia núíosach a bheith bunaithe ar na dearbhuithe sábháilteachta bia is airde i leith an táirge agus gur cheart a dtionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a mheas, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim; á chur i bhfáth gur gá don phróiseas údaraithe a bheith níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla, gan ardchaighdeáin sábháilteachta bia a ísliú; á thabhairt chun suntais nach mór cur chuige Aon Sláinte Amháin a leanúint maidir le táirgeadh próitéine núíosaigh a fhorbairt agus gur gá reachtaíocht ábhartha maidir le leas ainmhithe agus an comhshaol a leanúint;

43. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair cuimsitheach ar bhia núíosach lena chaitheamh ag an duine a thíolacadh i gcomhréir leis an tsamhail talmhaíochta Eorpach, leis an tsochaí, le sláinte an duine, leis an gcomhshaol agus leis an ngeilleagar; á chur i bhfáth gur cheart prionsabal an réamhchúraim a mheas;

44. ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshláin eiticiúla, shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha i gceist le bia cillbhunaithe, a tháirgtear trí chealla a shaothrú atá aonraithe ó phlandaí agus ó ainmhithe, agus nach bhfuil an Rialachán maidir le Bia Núíosach[6] oiriúnach don fheidhm; á thabhairt chun suntais nach mór leasanna agus ionchais tomhaltóirí a léiriú ar bhealach níos fearr;

45. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtagann bia in AE ó chórais feirmeoireachta inbhuanaithe; ag meabhrú an naisc idir táirgeadh inbhuanaithe bia, an dúlra, feirmeoirí agus forbairt tuaithe agus á chur i bhfios go láidir an breisluach agus na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn feirmeoirí;

46. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh taighde agus forbartha ar shábháilteacht agus ar tháirgeadh inbhuanaithe próitéiní in AE agus ar a dtionchar bunaithe ar chur chuige Aon Sláinte Amháin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le taighde poiblí agus príobháideach, bonneagar taighde agus saoráidí taispeána chun córas próitéine AE athléimneach a uas-scálú; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag institiúidí taighde san Aontas Eorpach chun córas bia AE a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe;

***Cur chuige iomlánaíoch lena n-áirítear an slabhra luacha bia ina iomláine***

47. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhordú agus comhoibriú feabhsaithe idir geallsealbhóirí an tslabhra soláthair, feadh an tslabhra luacha ina iomláine, chun na bearnaí atá ann faoi láthair idir feirmeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí a líonadh; á chur i bhfáth gur cheart comhar comhchoiteann níos láidre idir na gníomhaithe, go háirithe trí eagraíochtaí feirmeoirí agus comharchumainn talmhaíochta, a chur chun cinn go gníomhach d’fhonn slabhraí luacha a bhfuil luach níos airde acu a mhúnlú;

48. á iarraidh, i ndáil leis sin, ar na Ballstáit agus ar gheallsealbhóirí úsáid a bhaint as na rialacha uile atá ar fáil a samhlaíodh sa rialachán maidir le CEM[7] ar mhaithe le slabhraí éifeachtúla agus nuálacha; á iarraidh ar gheallsealbhóirí conraitheoireacht a fhorbairt chun táirgeadh a phleanáil san fhadtéarma; á chreidiúint go bhfuil ról lárnach ag eagraíochtaí táirgeoirí, go háirithe comharchumainn, chomh maith le heagraíochtaí idirchraoibhe, maidir leis na slabhraí luacha próitéine a struchtúrú agus a neartú;

49. ag cur béim ar a thábhachtaí atá glacadh tomhaltóirí agus faisnéis do thomhaltóirí; á chur i bhfáth gur gá do tháirgeadh próitéiní planda-bhunaithe agus malartacha ionchais na dtomhaltóirí a shásamh, rud a fhágann gur gá feabhas breise a chur ar fheidhmiúlachtaí na bpróitéiní sin ó thaobh blais, uigeachta, luacha chothaithigh agus praghais de;

---

[6] Rialachán (AE) 2015/2283 an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún, IO L 327 11.12.2015, lch. 1.

[7] Téacs comhdhlúite: Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle. IO L 347 20.12.2013, lch. 671.

50. á mheas go bhfuil tomhaltóirí ag éirí níos feasaí faoin mbia a itheann siad agus faoin gcaoi ar táirgeadh é; ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfí tuilleadh faisnéise ar fáil do thomhaltóirí maidir leis an tionchar atá ag táirgí bia éagsúla ar an gcomhshaol, lena n-áirítear próitéiní, chomh maith le faisnéis maidir lena dtáirgeadh, chun rannchuidiú le córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, a cuireadh in iúl sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', an ceanglas maidir le tásca éigeantacha tionscnaimh nó bunáitíochta a leathnú chuig táirgí breise;

51. á thabhairt chun suntais nach dtiocfaidh méadú ar an méid próitéine plandaí a tháirgtear go hinbhuanaithe san Aontas in éagmais éilimh ar an margadh nó brabús leordhóthanach d'fheirmeoirí; á mheas go bhféadfadh tacaíocht phoiblí spriocdhírithe, amhail éiciscéimeanna, borradh a chur faoi bhrabúsacht shaothrú na mbarr; ag tathant ar ghníomhaithe margaidh teicnící a fhorbairt chun cion agus cáilíocht próitéine i ngránaigh, i bplandaí próitéine agus i mbeatha a shocrú chun luach na próitéine a léiriú ar bhealach níos fearr; á chur i bhfáth gur féidir le trédhearcacht mhéadaithe sa mhargadh feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh, dramhaíl a laghdú agus earnáil bhia níos ciorclaí a bhaint amach; á chreidiúint gur cheart do straitéisí beartais agus creataí reachtacha na margaí sin a dhreasú; á chur i bhfáth go bhfuil táirgeadh próitéiní plandaí a bhfuil cion próitéine níos ísle iontu fós bunriachtanach, in éineacht le barra ardphróitéine a tháirgeadh, agus gur cheart forbairt na bhfoinsí sin a bheith faoi threoir an phrionsabail maidir le maischothromaíocht dhearfach maidir le hábhar tirim agus próitéiní;

52. á mheas gur dlúthchuid den slabhra luacha próitéine ciorclach é tionscal na próiseála bia ós rud é gur féidir luach níos mó a fháil ó bharra próitéine leis; ag cur béim ar an ngá atá ann cur leis an acmhainneacht próitéiní planda-bhunaithe a phróiseáil; á mheas go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh an tionscal próiseála a chuid sruthanna dramhaíola a mhapáil ionas gur féidir iad a chainníochtú agus a gciorclaíocht a fheabhsú;

53. ag athdhearbhú sprioc na straitéise 'ón bhfeirm go dtí an forc' cur amú bia a laghdú 50 %, a d'fhéadfaí a bhaint amach go páirteach trí shlabhra soláthair bia atá níos giorra agus níos éifeachtúla agus trí earnáil talmhaíochta agus táirgthe bia atá níos ciorclaí, ina mbreathnaítear ar dhramhaíl in-bhithmhillte mar acmhainn seachas mar dhramhaíl; á athdhearbhú go bhfuil sé ríthábhachtach slí bheatha inbhuanaithe a áirithiú do tháirgeoirí príomhúla chun spriocanna na straitéise 'ón bhfeirm go dtí an forc' a bhaint amach;

54. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ábhair mhuirí aischurtha a laghdú mar bhealach chun cur amú bia a sheachaint; á athdhearbhú, ina leith sin, an iarraidh ón rún uaithi an 18 Bealtaine 2021[8] go ndéanfaí deiseanna tráchtála agus/nó carthanachta a shainaithint chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na gabhálacha dosheachanta nó de thaisme sin atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, agus tús áite á thabhairt ag an am céanna do theicnící iascaireachta lena seachnaítear agus lena laghdaítear gabhálacha den sórt sin, a mhéid is féidir; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, gur gá cosc a chur ar mhargadh tánaisteach bia mara a chruthú nó a leathnú;

[8] Rún an 18 Bealtaine 2021 ar chuspóirí na hoibleagáide maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír faoi Airteagal 15 den Chomhbheartas Iascaigh a bhaint amach, IO C 15, 12.1.2022, lch. 9.

55. á chur i bhfios go láidir nach bhfuil an t-eolas is gá ag go leor feirmeoirí chun barra léagúmacha a fhás go héifeachtach; á mheabhrú gur gá eolas talmhaíochta agus córais nuálaíochta a chur chun cinn, chomh maith le comhroinnt eolais agus oiliúint, lena gcuirfear ar chumas gach gníomhaí sa slabhra bia a bheith inbhuanaithe trí, *inter alia*, dlús a chur leis an nuálaíocht agus le haistriú eolais; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach ardán ar líne a bhfuil rochtain éasca air a chruthú chun samplaí dea-chleachtais agus faisnéis maidir le táirgeadh próitéiní atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe a mhalartú;

56. á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíocht ar gach leibhéal chun táirgeadh inbhuanaithe próitéine a mhéadú, go háirithe táirgeadh intíre próitéine planda-bhunaithe, trí thacú le feirmeoirí, go háirithe feirmeacha beaga agus meánmhéide agus feirmeacha teaghlaigh; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, tacaíocht infheistíochta agus taighde a thabhairt isteach agus a mhéadú ar leibhéil an chórais, an ghnó agus an táirgthe, amhail trí thacaíocht infheistíochta a chur ar fáil don slabhra próiseála;

57. á chreidiúint gur cheart an soláthar poiblí táirgeadh agus tomhaltas próitéine níos inbhuanaithe a dhreasú;

*Gníomhaíochtaí beartais nithiúla*

58. á iarraidh ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí beartais seo a leanas a chur ar aghaidh:

   i. Rialachán maidir le breiseáin bheathaithe lena gcuirtear cobhsaíocht agus nuálaíocht chun cinn i dtáirgeadh breiseán beatha;

   ii. Creat reachtach iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar údarú do bhia cillbhunaithe, agus gnéithe eiticiúla, sóisialta, sláinte, comhshaoil agus eacnamaíocha na dtáirgí sin á gcur san áireamh;

   iii. Doiciméad treorach eolaíche agus teicniúla a chomhlánaíonn an doiciméad treorach riaracháin maidir le hiarratais ar bhia núíosach a ullmhú agus a chur isteach chun an próiseas údaraithe a shoiléiriú, agus na dearbhuithe agus na caighdeáin sábháilteachta bia is airde á n-áirithiú ag an am céanna mar aon le meastóireacht chuí ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le caitheamh ag an duine, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim;

   iv. Treoir maidir le seachtháirgí lenar féidir níos mó cineálacha seachtháirgí in-bhithmhillte a mheas mar bheatha agus lenar féidir iarmhair táirgthe bia a úsáid agus a iompar;

   v. Creat fuinnimh in-athnuaite lena soláthraítear rialáil fhadtéarmach, inbhuanaithe agus chobhsaí chun taobhshruthanna ó eastóscadh próitéine plandaí, fuíll talmhaíochta agus sruthanna dramhaíola ó tháirgeadh bia a úsáid chun bithfhuinneamh a tháirgeadh agus tús áite á thabhairt do tháirgeadh bia agus beatha ar thalamh talmhaíochta torthúil;

   vi. Treoir maidir le cánachas fuinnimh lena gcuirtear rialacha cánachais soiléire agus

fadtéarmacha ar fáil agus lena ndreasaítear táirgeadh na mbreoslaí bithbhunaithe uile;

vii. Rialachán maidir le teicnící géanómaíocha nua lenar féidir teicnící nua pórúcháin a ghlacadh, gan seasaimh cheannasacha sa mhargadh a mhéadú agus an gá sonrach atá le nuálaíocht ó FBManna Eorpacha á chur san áireamh;

viii. Creat deimhniúcháin um bhaint carbóin lena gcumasaítear cleachtais feirmeoireachta carbóin a bhaineann le barra atá ar mhórán próitéine a shaothrú, agus ioncam breise d'fheirmeoirí á áirithiú ag an am céanna;

ix. Meascán de rialacha laistigh de CBT lena soláthraítear creat cobhsaí, cleachtais agus dreasachtaí bainistíochta solúbtha, le haghaidh táirgeadh barr ar mhórán próitéine agus buaint féaraigh agus léagúim atá níos saibhre ó thaobh próitéine de ar an iomlán; ba cheart táirgeadh barr ar mhórán próitéine a dhreasú laistigh de CBT reatha agus trí éiciscéimeanna; ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht barra bia ar mhórán próitéine a fhás ar thalamh atá curtha i leataobh, agus rialacha dochta comhshaoil á n-urramú ag an am céanna; ba cheart don Choimisiún treoirdhoiciméad a chur ar aghaidh ina mbeadh dea-chleachtais maidir le CBT a chur chun feidhme d'fhonn feabhas a chur ar shaothrú barr inbhuanaithe ar mhórán próitéine, amhail plandaí próitéine agus plandaí léagúmacha, mar aon le treochlár maidir le straitéisí le haghaidh naisc níos láidre idir feirmeoireacht beostoic agus acmhainneacht beatha réigiúnach;

x. Creat rialála d'úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí lena bhféadfar faireachán agus taighde eolaíoch a dhéanamh ar tharlú, ar fhorbairt agus ar leathadh lotnaidí agus pataiginí a chuireann buaint rathúil barr próitéine i mbaol;

xi. Straitéis shoiléir cistiúcháin don taighde agus don fhorbairt chun forbairt beart malartach le haghaidh cosaint plandaí a chur chun cinn agus a spreagadh i dtéarmaí nuálaíochtaí teicniúla amhail feirmeoireacht bheacht nó úsáid róbataice, feithidí tairbhiúla agus lotnaidicídí ísealghuaise;

xii. Lipéad eolaíochtbhunaithe agus deonach sa chreat reachtach do chórais bhia inbhuanaithe lenar féidir comparáid a dhéanamh idir lorg comhshaoil bia agus ceanglais chomhchosúla maidir le beatha, bunaithe go heolaíoch ar shonraí táirgí iarbhír;

xiii. Clár comhardaithe próitéine bia;

xiv. Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe lena dtugtar deis, agus leanúint ag an am céanna d'ardleibhéil sábháilteachta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí talmhaíochta próiseáilte, níos mó iar-bhia-ábhar agus comhábhar a dhíorthaítear ó éisc a úsáid mar bheatha;

xv. Teaglaim de rialacha soláthair phoiblí a fhágann gur fusa íoscheanglais inbhuanaitheachta a leagan amach;

xvi. Straitéis chistiúcháin shoiléir fhadtéarmach don taighde agus don fhorbairt, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais chun próitéiní a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe a

chur chun cinn agus a spreagadh, go háirithe próitéiní atá bunaithe ar phlandaí agus ar ainmhithe, le haghaidh bia agus beatha san Aontas, agus úsáid agus leas a bhaint as acmhainneacht Fís Eorpach, an Chiste Nuálaíochta, Clár LIFE, Bia EIT agus cistiú ábhartha eile ón Aontas le haghaidh teicneolaíocht bia agus forbairt talmhaíochta;

xvii. sa ghearrthéarma, maolú sealadach le deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach chun a áirithiú gur féidir RENURE a úsáid agus, san fhadtéarma, cur i bhfeidhm dlíthiúil na gcritéar maidir le RENURE arna bhforbairt ag JRC bunaithe ar chritéir eolaíocha, á n-aicmiú mar leasachán ceimiceach faoin Treoir maidir le Níotráití[9];

xviii. Ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do thaighde ar inbhuanaitheacht na gcóras feirmeoireachta beostoic a fheabhsú, go háirithe maidir le comhábhair dho-ite agus fotháirgí a úsáid i mbeatha;

xix. Leasú ar iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir maidir le Níotráití chun úsáid díleáiteáin ó dhramhaíl orgánach a fhaightear ó dhíleá anaeróbach ar aoileach beostoic a éascú;

xx. Creat chun táirgeadh próitéiní planda-bhunaithe a nascadh leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD);

xxi. Beartais lena n-áirithítear go gcomhlíonann allmhairí próitéine caighdeáin inchomparáide táirgthe agus cháilíochta ó thaobh a dtionchar ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol chun sceitheadh carbóin a sheachaint, feabhas a chur ar iomaíochas tháirgeoirí an Aontais i gcomparáid le táirgeoirí lasmuigh den Aontas, agus caighdeáin mhéadaithe a áirithiú ar fud an domhain;

xxii. Straitéis innilte don Eoraip arb é is aidhm di innilt fhairsing a chur chun cinn i gcás ina luíonn sé leis na dálaí réigiúnacha agus leis an gcomhthéacs réigiúnach, staidéar ar acmhainneacht ar fud AE agus ar riachtanais talún maidir le barra próitéine agus barra olúla ar féidir iad a fhás laistigh den Aontas agus staidéar ar an tionchar a bheadh ag margadh todhchaíochtaí próitéine a thabhairt isteach chun cur ar chumas feirmeoirí a rioscaí a bhainistiú;

xxiii. Staidéar anailíseach ar an mbearna sa mhargadh le haghaidh próitéiní atá le tíolacadh ag an gCoimisiún;

xxiv. Tuilleadh taighde ar mheasúnuithe saolré cothaitheacha (n-LCA) ar bhianna;

°

° °

59. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

---

[9] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta IO L 375, 31.12.1991, lch. 1.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is comhpháirteanna riachtanacha agus fíor-riachtanacha iad próitéiní le haghaidh aistí bia cothroma agus sláintiúla, cothú an duine agus beatha ainmhithe. Tá próitéiní plandaí ríthábhachtach freisin don aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe, agus cuireann saothrú méadaithe léagúm agus féarthailte le talmhaíocht níos inbhuanaithe agus níos éagsúlaithe agus laghdaítear an gá atá le hionchuir leasacháin.

Ina theannta sin, má dhéantar barra próitéine agus féarthailte a phróiseáil ina min próitéine ardleibhéil, cruthaítear seachtháirgí olúla a d'fhéadfadh cur leis an ngeilleagar ciorclach agus is féidir iad a úsáid mar bhia don duine, d'fhuinneamh in-athnuaite, do leasachán, do bheatha ainmhithe nó do tháirgeadh ceimiceán glas. Rannchuidíonn próitéiní plandaí freisin le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Dá bhrí sin, meastar go dtiocfaidh fás leanúnach ar an éileamh ar phróitéin ar fud an domhain agus laistigh den Aontas araon. Tá mórtháirgeadh próitéiní ag AE; mar shampla, táirgeann AE 77 % den phróitéin a úsáidtear le haghaidh beatha. Mar sin féin, tá easnamh ag AE i bplandaí ar mhórán próitéine, ionas nach dtagann ach 29 % den bheatha ardphróitéine is gá chun ciondálacha beatha beostoic a chothromú ó AE. Ag an am céanna, bhí éifeachtaí suntasacha ag paindéim COVID-19 agus ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar an trádáil dhomhanda agus tá sé curtha in iúl go soiléir acu gur gá don Aontas a shlabhraí soláthair bia a éagsúlú, mar a léiríodh i ndearbhú Versailles.

Dá bhrí sin, is léir go bhfuil gá le straitéis chuimsitheach próitéine de chuid an Aontais lena bhféadfaí táirgeadh próitéine an Aontais a mhéadú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart an straitéis próitéine a bheith bunaithe ar na cúig cholún seo a leanas:

**1. Fís chun táirgeadh próitéine an Aontais a mhéadú**

Ní mór táirgeadh próitéine a aithint mar ghné ríthábhachtach de chóras bia an Aontais, agus ba cheart forbairt inbhuanaithe gach foinse próitéine a d'fhéadfadh a bheith ann a chur chun cinn. Ba cheart an spleáchas ar sholáthraí amháin nó ar líon beag soláthróirí a laghdú.

**2. Coinníollacha níos fearr le haghaidh táirgeadh próitéine san Aontas**

Ní mór d'fheirmeoirí a bheith i gcroílár na straitéise próitéine. Tá talmhaíocht iomaíoch ag brath ar ionchuir inbhuanaithe, amhail breiseáin bheatha, ábhar maith plandaí, leasacháin agus ithreacha sláintiúla.

Go háirithe, tá gá le dea-ábhair phlandaí chun táirgeadh próitéine plandabhunaithe a mhéadú. Ina theannta sin, is minic a bhíonn cleachtais nua bhainistíochta agus comhar idir feirmeoirí ag teastáil ó na cleachtais a bhaineann le barra atá ar mhórán próitéine a fhás agus a úsáid.

**3. Próitéin atá plandabhunaithe agus próitéin mhalartach a fhorbairt le haghaidh bia agus beatha**

Rachaidh forbairt na hearnála próitéine plandaí-bhunaithe chun tairbhe d'fheirmeoirí na hEorpa, do cháilíocht na hithreach, don bhithéagsúlacht, don aeráid agus do shláinte an duine. Ní mór le beartais na straitéise próitéine cothrom iomaíochta a chruthú idir gníomhaithe agus táirgí. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar thaighde agus ar fhorbairt i bpróitéiní planda-bhunaithe agus i bpróitéiní malartacha.

**4. Cur chuige iomlánaíoch lena n-áirítear an slabhra luacha bia ina iomláine**

Ní thiocfaidh méadú ar tháirgeadh próitéine san Aontas mura mbeidh aon éileamh air faoi thionchar an mhargaidh. Dá bhrí sin, tá gá le comhordú agus comhoibriú feabhsaithe ar fud ghníomhaithe an tslabhra soláthair chun na bearnaí atá ann faoi láthair idir feirmeoirí, próiseálaithe agus miondíoltóirí a líonadh.

**5. Gníomhaíochtaí beartais nithiúla**

Molann an rapóirtéir gur cheart don Choimisiún sraith gníomhaíochtaí beartais a chur ar aghaidh, ina measc:

· Bearta reachtacha amhail rialachán maidir le breiseáin bheathaithe lena gcumasaítear cobhsaíocht agus nuálaíochtaí i mbreiseáin bheathaithe; reachtaíocht maidir le bia núíosach lena simplítear agus lena gcuirtear dlús leis na próisis údaraithe; treoir maidir le dramhaíl lena méadaítear na cineálacha dramhaíola in-bhithmhillte atá le meas mar bheatha; treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite lena gceadaítear rialáil fhadtéarmach chobhsaí le haghaidh táirgeadh bithbhreosla; rialachán maidir le teicnící géanómaíocha nua; meascán de rialacha CBT lena gcuirtear dreasachtaí ar fáil chun barra, féarthalamh agus léagúm atá ar mhórán próitéine a tháirgeadh;

· Bearta beartais eile amhail clár comhardaithe próitéine bia; creat de chaoinfhulaingt níos airde i leith deacrachtaí teicniúla agus leibhéil arda sábháilteachta maidir le táirgí talmhaíochta próiseáilte (PAPanna) á gcoinneáil ag an am céanna; straitéis shoiléir maoinithe T & F chun glacadh ar an margadh le próitéiní plandabhunaithe le haghaidh bia agus beatha san Aontas a chur chun cinn.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 19.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 9<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Dacian Cioloş, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Jarosław Kalinowski, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Eugenia Rodríguez Palop, Daniela Rondinelli, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Veronika Vrecionová, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosanna Conte, Peter Jahr, Petros Kokkalis, Tilly Metz, Michaela Šojdrová, Irène Tolleret, Emma Wiesner |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 34 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Ivan David |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Michaela Šojdrová, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Dacian Cioloş, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Ulrike Müller, Irène Tolleret, Emma Wiesner, Asger Christensen |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Juozas Olekas, Daniela Rondinelli |

| 9 | - |
|---|---|
| ID | Angelo Ciocca, Rosanna Conte, Paola Ghidoni |
| S&D | Maria Noichl |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Tilly Metz, Bronis Ropė |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Gilles Lebreton |
| The Left | Petros Kokkalis, Eugenia Rodríguez Palop |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh